Comhairle an
Aontais Eorpaigh

PUBLIC

An Bhruiséil, 8 Bealtaine 2024
(OR. en)

8524/24
ADD 1

LIMITE

INF 97
API 67

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8522/24; 8523/24 |
| Ábhar: | Rochtain phoiblí ar dhoiciméid<br>– Iarratas dearbhúcháin Uimh. 15/c/01/24<br>= Ráiteas |

**Ráiteas ón Spáinn**

Maidir leis an bhfreagra atá beartaithe ar iarratas dearbhúcháin Uimh. 15/c/01/24, ní aontaíonn an Spáinn leis an nochtadh iomlán atá beartaithe maidir le 5591/21. In éagmais cúiseanna breise chun údar a thabhairt leis an nochtadh san iarratas dearbhúcháin, tá an réasúnú a thug an Ardrúnaíocht ina freagra dar dáta an 13 Márta 2024 (8522/24) fós bailí agus infheidhme. Dá nochtfaí an doiciméad i dtrácht, i bhfianaise an ábhair, bhainfí an bonn de chosaint leas an phobail a mhéid a bhaineann leis an gcaidreamh idirnáisiúnta faoi Airteagal 4(1)(a) (an tríú fleasc) de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001, chomh maith le cosaint comhairle dlí faoi Airteagal 4(2), an dara fleasc, de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001.

Ba mhaith leis an Spáinn béim ar leith a leagan ar a íogaire atá an doiciméad atá i gceist maidir le leas an phobail a mhéid a bhaineann leis an gcaidreamh idirnáisiúnta, maidir le tríú tíortha i gcoitinne, i bhfianaise chineál leathan na gceisteanna a pléadh agus a mhéid a bhaineann leis an gcaidreamh leis an Ríocht Aontaithe freisin, dá dtagraíonn

an tuairim a iarradh go díreach. Ba cheart a thabhairt faoi deara gur chinn an tSeirbhís Dlí sa tuairim uaithi, ag eascairt as an anailís a rinneadh ar dháileadh na n-inniúlachtaí idir an tAontas agus na Ballstáit d'fhonn an Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe a thabhairt i gcrích, gur réimse de mheascacht roghnach atá sa chomhaontú, rud a d'fhágfadh go bhféadfadh an Chomhairle cinneadh polaitiúil a ghlacadh agus an comhaontú a thabhairt i gcrích mar chomhaontú measctha nó mar chomhaontú AE amháin. Rinneadh anailís sa tuairim freisin ar cathain is féidir leis na Ballstáit comhaontuithe déthaobhacha a thabhairt i gcrích leis an Ríocht Aontaithe agus ar na coinníollacha faoinar féidir leo déanamh amhlaidh.

D'fhéadfadh tionchar a bheith ag nochtadh na rogha polaitiúla sin ar an gcaidreamh idirnáisiúnta, lena n-áirítear maidir le caibidlíocht leanúnach idir an tAontas agus/nó na Ballstáit le tríú tíortha, go háirithe leis an Ríocht Aontaithe féin.

Ar deireadh, ní féidir le haon leas sáraitheach poiblí maidir le nochtadh a bheith ina údar le neamhaird a thabhairt ar an eisceacht ó chosaint caidrimh idirnáisiúnta. Maidir leis an eisceacht ó chosaint comhairle dlí, mar a thug an Ardrúnaíocht údar leis ar dtús, níl aon leas sáraitheach poiblí ann, ós rud é go háirithe nach mbaineann an chomhairle dlí atá i gceist le hábhair reachtacha.

PUBLIC